



An Solas Glas i leith Réabhlóidiú Iompair Phoiblí



Córas Iompair Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2007

Ráiteas an Chathaoirligh	3	Príomhpholasaithe Cuntasaíochta	21
Athbhreithniú na nOibríochtaí	7	Cuntas Brabúis agus Cailiteanais Comhdhlúite	24
Struchtúr an Ghrúpa	14	Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailiteanais Aitheanta Iomlána	25
Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa	15	Clár Comhardaithe Comhdhlúite	26
Ráiteas Rialachais Chorporáidigh	17	Clár Comhardaithe na Cuideachta	27
Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí an Bhoird	19	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite	28
Tuarascáil na nIníochóirí Chuig an Aire Iompair	20	Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	29

Ciallaíonn an tóraíocht de ‘chlár oibre glas’ go bhfuil ar an ngeilleagar i gcoitinne bogadh i dtreo pátrúin taistil atá inbhuanaithe ar bhonn fadtéarmach. Ní mór tabhairt faoi ghluaiseacht na ndaoine agus na n-earraí i slí a fheabhsaíonn an caighdeán maireachtála agus a éascaíonn an rochtain do chách.



transport21
progress in motion



Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Ba mhaith le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú na mórthionscadal ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 chomh maith le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

Dearadh: First Impression

Ráiteas an Chathaoirligh




Ceann de bhusanna cathrach nua Iompair 21 le hurlár íseal atá inrochtana.

Ba bhliain an-rathúil í 2007 go Ghrúpa CIÉ agus do na trí fhochuideachtaí oibríochta. D'aischuir Grúpa CIÉ farasbarr oibríochta €28.2 milliún i 2007, le líon na bpaisinéirí ag léiriú barr-iomlán de 288.7 milliún turas.

Bhí barr-mhéaduithe ag na trí fhochuideachtaí oibríochta de chuid CIÉ i líon na bpaisinéirí. D'iompair Iarnród Éireann 45.5 milliún paisinéir, méadú 5%. Mhéadaigh an t-éileamh ar Bus Éireann faoi 4% go 95.7 milliún turas agus bhain 147.5 milliún custaiméir úsáid as seirbhísí Bus Átha Cliath, suas ó 146.3 milliún i 2006.

Thuairiscigh gach ceann de na trí fhochuideachtaí barr-bhrabús freisin. Thairfead Bus Átha Cliath brabús €4.8 milliún, bhí farasbarr €6.9 milliún ag Bus Éireann agus d'aischuir Iarnród Éireann brabús €13.4 milliún. Mhéadaigh ioncaim phaisinéara na cuideachta iarnróid chomh maith go dtí €230.3 milliún, ó €227.7 milliún i 2006.

Turais Phaisinéirí Ghrúpa CIÉ 2004-2007



'Luach ar Airgead'

Dhearbhaigh tuarascáil na gcomhairleoirí foilsithe ag an Roinn Iompair i 2007 gur chuir Grúpa CIÉ 'luach ar airgead' ar fáil don phobal mar thoradh ar fhóirdheontas an Stáit don tréimhse 2001 go 2005. Ba í conclúid foriomlán na Tuarascála Booz Allen Hamilton ná gur úsáid na trí fhochuideachtaí uile de CIÉ - Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann - a bhfóirdheontais faoi seach chun feabhas a chur ar éifeachtacht, a léiríonn go bhfuil 'rudaí á dhéanamh i gceart acu' dar leis na comhairleoirí.

Ar an mbonn is tábhachtaí de, fuair an tuarascáil amach go bhfuil tairbhí sóisialta ann don tír a thagann chun cinn ón bhfóirdheontas a théann i bhfad níos faide ná breithniúcháin airgeadais amháin. Gan an fóirdheontas, is dóchúil nach mbeadh an tseirbhís iompair phoiblí chomh mealltach agus níos lú cuimsithe. Tíocfaidh níos mó úsáide gluaisteán as seo agus, níos mó brú tráchta dá bharr. Dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar ghluaisteáin, bheadh níos lú roghanna iompair acu, rud a laghdódh a gcumas chun teacht ar oideachas, poist agus deiseanna eile.

Infheistíocht Leanúnach Ríthábhachtach


Ní mór go mbeadh infheistíocht leanúnach ag crollár na fógraíochta d'iompar atá níos ciallmhaire go sóisialta i dtreo is go mbíonn rogha taistil inmharthana ag daoine ar thaisteal i ngluaisteán príobháideach. Tacaíonn rath Bus Átha Cliath trasna na 12 phríomh-Chonairí Bus Cáilíochta (QBCanna) i mBaile Átha Cliath an maíomh seo le treise. Ar na conairí seo, áit a bhfuil an bus níos tapúla ná an gluaisteán, tá céatadán na gcomaitéirí atá ag úsáid an bhus in ionad an gluaisteán tar éis méadú ó 41% sula dtugadh QBCanna isteach go dtí 57% i láthair na huaire.

Ráiteas an Chathaoirligh *(ar lean)*

Tugann sé seo le fios go n-aistroidh úinéirí gluaisteán go seirbhís iompair phoiblí níos tapúla, nua-aimseartha atá níos mealltaí i líonta móra. Is í aidhm na cuideachta ná an Líonra Bus Cáilíochta a leathnú amach agus chun scair an mhargaidh d'iompar poiblí ar QBCanna a mhéadú go dtí 68% faoi 2012 faoi Iompar 21.

Déanann sé seo an dúshlán atá os comhair Bus Éireann maidir le seirbhísí éifeachtacha a sheachadadh timpeall na tíre chun suntais chomh maith. Cé go dtabharfaidh busanna nua a sholáthraíodh don chuideachta faoi Iompar 21 cumas an tseachadta di, i dtréimhse ama an-gairid, i leith feabhsuithe suntasacha inláimhsithe dá custaiméirí, ní mór aghaidh a thabhairt fós ar shaincheist na brú tráchta uirbí i gcathracha tuaithe go práinneach.

Cóimheas Athraitheach Bus/Gluaisteán ar Chonairí Bus Cáilíochta



Tá an fás láidir seo san éileamh ar iompar buntacaithe, ní amháin ag fás eacnamaíoch na hÉireann ach ag infheistíocht suntasach ag an nGrúpa. Tugadh isteach minicíocht níos airde na seirbhísí mar thoradh ar an gcabhlach nua-aimseartha nua. Tá na hinfeistíochtaí seo le feiceáil go héasca don chustaiméir ach níl na cistí a caitear d'fheabhsú na n-áiseanna



Tá Bus Átha Cliath ag iompar 20,000 custaiméir breise sa tseachtain.

ar nós crosairí comhréidh, fálú, cosaint chósta agus garáistí bus le feiceáil chomh éasca sin in aon chor. Mar sin féin, tá siad chomh tábhachtach céanna san iarracht ag an nGrúpa chun freastal ar éileamh paisinéara méadaithe.

CIÉ atá 'Níos fearr don chomhshaol', i gComparáid leis an Earnáil Iompair Ghinearálta

Tá CIÉ agus a fhochuideachtaí tiomanta go hiomlán do chosaint an chomhshaoil. Thaispeáin an Grúpa an tiomantas seo trí mheán infheistíochta díreach i gcabhlach atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de as a dtáinig a lán tairbhí.

Mhéadaigh astuithe gáis cheaptha teasa ó earnáil iompair na hÉireann faoi níos mó ná 165% idir 1990 agus 2006, le gluaisteáin, veaineanna agus feithiclí earraí troma phríobháideacha freagrach as ucht formhór na n-astuithe. Tá brú tráchta méadaithe ann de bharr pátrúin taistil na hÉireann, le cailteanas iarmhartach in iomaíochas eacnamaíoch, agus meath sa chighdeán maireachtála agus sa chomhshaol nádúrtha.

Ciallaíonn an tóraíocht de 'chlár oibre glas' go bhfuil ar an ngeilleagar i gcoitinne bogadh i dtreo pátrúin taistil atá inbhuanaithe ar bhonn fadtéarmach. Ní mór tabhairt faoi ghluaiseacht na ndaoine agus na n-earraí i slí a fheabhsaíonn an caighdeán maireachtála agus a éascaíonn an rochtain do chách.

Baineann 1 Milliún Paisinéirí Breise Úsáid as Seirbhísí Bus Átha Cliath

Ba bhliain an-rathúil í 2007 do Bus Átha Cliath, ag tuairiscíú brabús €4.8 milliún agus méadú de 1.2 milliún i líon na bpaisinéirí go dtí 147.5 milliún. Go suntasach, in ainneoin tionchair an LUAS, tá an tseirbhís ag iompar 20,000 custaiméirí breise gach seachtain nó i bhfad níos mó ná 1 milliún breise in aghaidh na bliana, de réir sonraí atá ar fáil do na seirbhísí Iompar 21 nua.

Tá an méadú seo níos suntasaí fós nuair a tugtar aird ar thionchar an bhrú tráchta a chosnaíonn suas le €60 milliún in aghaidh na bliana ar an gcuideachta, mar a léirítear i dtuarascáil neamhspleách.

I rith 2007, cuireadh 70 busanna ionadaíoch nua leis an gcabhlach, lena n-áirítear busanna trí-acastóir nua le cumas iompraíochta paisinéirí 25% níos mó ná gnáth bhusanna.

Ráiteas an Chathaoirligh *(ar lean)*

Dhearbhaigh Tuarascáil Booz Allen Hamilton an fheidhmíocht feabhsaithe de chuid Bus Átha Cliath, ag sainiú gur “sheachaid an chuideachta dea-sheirbhísí agus luach maith i rith a tréimhse athbheithnithe.” Mhéadaigh an chuideachta an fad a thaisteal feithiclí agus ioncam i dtréimhse an staidéir agus laghdaigh sé líon na dtimpistí agus na n-éileamh go mór. Fuair sé amach go rinneadh an líonra a fheabhsú, d'éirigh seirbhísí níos inrochtana agus d'fheabhsaigh sásamh na gcustaiméirí.

Fás 24% do Bus Éireann i Margadh is Mó Fáis na hEorpa

Ba bhliain rathúil í do Bus Éireann, agus é ag tuairisciú fás láidir i líon na bpaisinéirí agus aischiú airgeadais láidre. D'fhás líon na bpaisinéirí de chuid na cuideachta faoi 24% ó 2000 i leith, sa mhargadh bus agus cóistí is mó fáis san Eoraip. Thairfeadh sé farasbarr €6.9 milliún don bhliain 2007. Baineadh na forbairtí seo amach in ainneoin iomaíocht mhéadaithe ó oibreoír bus príobháideacha agus éifeachtaí an bhrú tráchta.

Tá droch-thionchar fós ag brú tráchta uirbeach ar sheirbhísí Bus Éireann, a chosnaíonn níos mó ná €23 milliún in aghaidh na bliana de réir tuarascála neamhspleách. Ní hamhlaidh go laghdóidh an brú tráchta seo in aon chor, toisc go bhfásann líon na ngluaisteán atá in úsáid ag comaitéirí gan stad.

D'éirigh an chuideachta níos éifeachtaí sa tréimhse idir 2001 agus 2005, de réir mar a thug Tuarascáil Booz Allen Hamilton le fios. Thuairiscigh sí gur méadaigh na faid a chlúdaíodh ag feithiclí faoi 16%, d'fhás pátrúnacht na gcustaiméirí faoi 10% agus bhí ioncaim suas faoi 19%. Feabhsaíodh seirbhísí agus rinneadh níos inrochtana iad. Bhí laghdú mór i líon na dtimpistí agus líon na n-éileamh, agus tháinig feabhas ar shásamh na gcustaiméirí ag an am céanna.



Railcharranna Iarnród Éireann – an chabhlach is glaise san Eoraip.

Do Bus Éireann, ba í an chonclúid foriomlán de chuid na comhairleoirí ná go raibh an chuideachta ag seachadadh dea-sheirbhís 'le haischiú agus torthaí ag méadú níos mó ná ionchiú, agus táscairí éifeachtachta ag fás i gcoitinne sa treo ceart'.


Tuilleadh Paisinéirí, Ioncaim agus Infheistíochta in Iarnród Éireann

Thuairiscigh Iarnród Éireann bliain oibríochta an-sásúil ar fad, le forbairtí móra a thairfeadh i líon na bpaisinéirí agus dturas, móid figiúirí brabúis.

D'aischiú Iarnród Éireann brabús de €13.4 milliún i 2007, le hioncam paisinéirí ag méadú go €230.3 milliún, ó €227.7 milliún i 2006.

Tháinig an líon is mó paisinéirí a thairfeadh riamh chun cinn mar thoradh ar infheistíocht thar na bearta a rinneadh i líonra agus seirbhísí Iarnród Éireann. D'ardaigh líon iomlán na dturas paisinéirí go 45.5 milliún, suas 5% ar 2006.

Turais Phaisinéirí Iarnród Éireann 2004-2007



Tá infheistíocht i agus soláthar na dtraenach agus na n-áiseanna 'den chéad scoth' fós mar phríomh-spreagadh an fháis phaisinéirí iarnróid, go háirithe mar thoradh den seirbhís tráthchláir nua san uair, aghaidh an chloig i ngach treo a tugadh isteach ar bhealach Bhaile Átha Cliath/Corcaigh. Cuireann an cabhlach IdirChathrach nua rogha, cumas, caighdeán agus compord níos fearr ar fáil do chustaiméirí ná mar a bhí ann riamh cheana.

I 2007, thosaigh obair ar ullmhú na seirbhíse iarnróid ó Chluain Saileach/Dún Búinne (M3), leis an iarratas foirmiúil chuig An Bord Pleanála le haghaidh Ordú Iarnróid don líne 7.5 ciliméadar. Chomh maith leis sin, i rith 2007, cuireadh pleananna d'iarnród faoi thalamh an DART, Idirnascaire Bhaile

Ráiteas an Chathaoirligh *(ar lean)*

Átha Cliath ar thaispeáint chun ligean don phobal féachaint ar roghanna stáisiún agus ailíniúcháin bhealaigh coibhneasacha.

Rinneadh athbhreithniú ar an ngnó lastas iarnróid i rith na bliana, as a dtáinig laghdú mór i mbonn costais an ghnó.

Ba bhliain iontach eile í do Europort Ros Láir, an ceathrú chalafort is mó sa Stát, agus an dara cheann is mó sa phríomh-earnáil RO-RO, le tréachur lastais agus paisinéirí araan ag méadú faoi 7% ar 2006.

Baineadh amach feabhsuithe suntasacha in Iarnród Éireann idir 2001 agus 2005, de réir Tuarascála Booz Allen Hamilton. Ina measc seo tá soláthar na hacmhainneachta paisinéirí níos mó, go háirithe i rith buaic-thréimhsí, ina mbíonn trácht níos airde iontu.

In achoimre, de réir na comhairleoirí, 'tá feabhas mór seachadta ag an iarnród, mar chóras iompair phaisinéirí.

Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ

Glacann Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ páirt i roinnt mhaith gníomhaíochtaí tráchtála lena n-áirítear Turais CIÉ, Líonra Fógraíochta Comaitéirí agus Rannán Maoine Ghrúpa CIÉ, iad ar fad a chuir €10.3 milliún do thorthaí an Ghrúpa i rith 2007.

CIÉ Tours International

D'iompair CIÉ Tours International, an chuideachta turas isteach is mó in Éirinn, os cionn 54,000 duine i rith na bliana, ag tuilleamh ioncam de €57.1 milliún, méadú de 13.5% ar leibhéal 2006. Tháinig mórán den mhéadú seo ó thurasóirí arb ó Mheiriceá Thuaidh iad a thóg a laethanta saoire ar thurais chóiste in Éirinn.

Rannán Maoine Ghrúpa CIÉ

Rinne Maoiniú Grúpa €6.8 milliún a réadú ó dhíolachán na maoine neamh-oibríochta i rith 2007. Ina theannta sin, tháinig ioncam cíosa go €14.9 milliún, méadú 3.9% ar 2006. Tá an rannán ag obair i láthair na huair ar mhórtionscadail i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i dTrá Lí agus i mBaile Átha Luain.

Líonra Fógraíochta Comaitéirí

Tá an rannán freagrach as ucht rialú foriomlán an ghnó fógraíochta allamuigh de chuid CIÉ, lena n-áirítear suímh fhógraíochta bus agus iarnróid. Bhain an Líonra Fógraíochta Comaitéirí a thorthaí is fearr riamh amach i 2007 nuair a mhéadaigh brabúis faoi 24% ar 2006.

Buíochais

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, An tUasal Noel Dempsey T.D. agus an iar-Aire Iompair, An tUasal Martin Cullen T.D., as ucht a gcuid tacaíochta i rith na bliana, chomh maith le hoifigigh na Roinne Iompair as ucht a gcuid cabhrach.

Táim buíoch freisin don Rialtas, agus go háirithe an Taoiseach agus an tAire Airgeadais, as ucht na mórtionscadail infheistíochta atá faoi bhun faoi láthair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus as ucht an tiomantas a tugadh faoin bPlean Iompar 21 a fógraíodh i mí na Samhna 2005. Tá an dá chlár seo rithábhachtach d'fheabhsú fadtéarmach an iompair phoiblí in Éirinn.

Tá an Bord fíor bhuíoch chomh maith as ucht an cómhaoiniú de chuid Ciste Struchtúrtha an AE a fuarthas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh, na baill foirne, de chuid cuideachtaí Ghrúpa CIÉ as ucht a n-iarrachtaí leanúnacha i rith na bliana.

D'éirigh Margaret Walsh Uasal as a post ar an mBord ar 4ú Meitheamh, 2007 agus scor an tUasal John Sorohan ón mBord ar 1ú Márta, 2008. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leo beirt as ucht a ranníocaíocht do CIÉ i rith a dtéarma oifige mar bhaill an Bhoird.

Mar chonclúid, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill eile an Bhoird agus le stiúrthóirí na bhfochuideachtaí uile de chuid an Bhoird as ucht an chabhair agus an tacaíocht leanúnach a thug siad dom go pearsanta agus as ucht a gcuid ama a thabhairt chun obair ar na boird agus ar mhórán de na coistí agus grúpaí comhairleacha rithábhachtacha laistigh de Ghrúpa CIÉ.

An Dr. J. J. Lynch
Cathaoirleach

Athbhreithniú na nOibríochtaí



Railcharr Idirchathrach nua Iarnród Éireann, a tháinig isteach i seirbhís ar líne Sligeach/Baile Átha Cliath i mí na Nollag 2007.


Torthaí an Ghrúpa

Is é an toradh foriomlán do Ghrúpa CIÉ le haghaidh 2007 ná farasbarr €28.2 milliún i gcomparáid le €22.0 milliún i 2006. Tá na torthaí tar éis riachtanais an Chaighdeáin Chuntasaíochta FRS 17- Cuntasaíocht do Shochair Scoir a thabhairt san áireamh. Gan tionchar an FRS 17 san áireamh is ionann an toradh oibríochta do 2007 agus farasbarr €35.4 milliún i gcomparáid le farasbarr €24.4 milliún i 2006.

	2007 €m	2006 €m
Ioncam	785.5	746.4
Íocaíochtaí deontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontas Sábháilteachta Iarnróid	320.2	298.7
Iomlán	1,105.7	1,045.1
Costais a bhaineann le párolla	(588.5)	(557.9)
Costais oibríochta eile	(504.8)	(503.9)
Costais airgeadais	7.7	9.1
Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe	8.1	29.6
Iomlán	(1,077.5)	(1,023.1)
Farasbarr le coigeartuithe costais na bpinsean FRS 17 san áireamh	28.2	22.0
Coigeartuithe costais na bpinsean FRS 17	7.2	2.4
Farasbarr oibríochta gan choigeartuithe costais na bpinsean FRS 17 san áireamh	35.4	24.4

Is ionann an t-ioncam grúpa do 2007 a sheasann ag €785.5 milliún agus méadú 5.2% ar 2006 ós rud é gur bhrath gach ceann de na cuideachtaí oibríochta méadú sa phátrúnacht i rith na bliana. Ar an iomlán d'ardaigh turais phaisinéirí don ghrúpa faoi 2.5% i 2007 go dtí 288.7 milliún, le hIarnród Éireann ag taifeadh méadú 5% ar a chuid iompraíochta ina aonar. Chonaic Bus Éireann agus Bus Átha Cliath méadú 2% i 2007 in ainneoin iomaíocht agus brú tráchta mhéadaithe a bhí le brath ag an dá chuideachta.

Ioncam an Ghrúpa 2003-2007



Chuir na trí chuideachtaí oibríochta, Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath nóta san áireamh leis na nótaí dá ráitis airgeadais ag déanamh analíse ar a n-ioncam agus a gcaiteachas iomlán thar ghníomhaíochtaí sóisialta agus tráchtála i gcomhréir le prionsabail na Treorach 2000/52/CE an Choimisiúin AE.

Athbhreithniú na nOibríochtaí *(ar lean)*

Mhéadaigh na costais phárola faoi €30.6 milliún, toisc dámhachtain phá mar chuid den chomhaontú pá náisiúnta “I dTreo 2016” agus costais phinsean méadaithe go príomha. I measc na costais oibríochta eile de €504.8 milliún tá €115.9 milliún (2006 - €100.1 milliún) a íocadh do fhochonraitheoirí a úsáideadh sa Scéim Iompair Scoile, €66.4 milliún (2006 - €58.1 milliún) do bhreoslaí, ábhair bhealaithe agus tarraingt leictreach agus €19.5 milliún (2006- €32.4 milliún) do chostais oibríochta eisceachtúla a raibh déanta suas go príomha d’íocaíochtaí scarúna deonacha agus costais athstruthúrtha gnó a thabhaíodh ag Iarnród Éireann €14.7 milliún, Bus Éireann €4.0 milliún, Bus Átha Cliath €0.4 milliún agus an Chuideachta Shealbháochta CIÉ €0.4 milliún. Tá brabús ar dhiúscairt na sócmhainní seasta atá cothrom le €8.1 milliún (2006 - €29.6 milliún) síos €21.5 milliún.


Seasann an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) agus na híocaíochtaí deontais Sábháilteachta Iarnróid de €320.2 milliún do mhéadú 7.2% ar 2006 as a raibh an deontas Sábháilteachta Iarnróid freagrach as ucht €13.6 milliún (2006 - €13.7 milliún).

Ina theannta sin, fuair an Grúpa maoiniú ón Státhchiste de €473.0 milliún do chaiteachas caipitil agus €4.1 milliún freisin i ndeontais tacaíochta ioncaim a cuireadh chun sochair an chuntais bhrabúis agus chailteanais chomhdhlúite. B’ionann infheistíocht an Ghrúpa do 2007 agus €566.6 milliún (2006 - €405.2 milliún).



Bus de dhéanamh EV a cuireadh le cabhlach Bhus Átha Cliath i 2007.

Infheistíocht an Ghrúpa i Sócmhainní Seasta 2004-2007



Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá sain-athbhreithnuithe na n-oibríochtaí do Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann le fáil i dTuarascáil Bhliantúil ar leith de chuid gach cuideachta.

Iarnród Éireann

D’aicseoir Iarnród Éireann farasbarr €13.4 milliún do 2007 (2006 – easnamh €4.1 milliún). Roimh míreanna eisceachtúla b’ionann an brabús seo agus €28.1 milliún i gcomparáid le €23.3 milliún do 2006 ar dhroim an fháis in ioncam a sheas ag €230.3 milliún i 2007 (2006 - €227.7 milliún).

Le turas na bpaisinéirí ag buaic-leibhéal de 45.5 milliún do 2007 (2006 - 43.3 milliún) tá fás os cionn 20% feicthe ag Iarnród Éireann, i 2 bhliain, ag ath-dhearbhú a stádas mar sheirbhís iarnróid is mó fáis san Eoraip.

Chuir an cuideachta fás na bpaisinéirí i 2007 i leith freagra custaiméara láidir d’fheabhsuithe seirbhíse i rith na bliana, lena n-áirítear:

- Mar thoradh ar thabhairt isteach seirbhísí san uair ar bhealach Bhaile Átha Cliath/Corcaigh, atá á fheidhmiú ag cabhlach nua, tá méadú 14% go dtí díreach thar 3 milliún turas tar éis teacht ar líon na bpaisinéirí ar an mbealach IdirChathrach is gnóthaí de chuid Iarnród Éireann, rud a méadaíonn ceannas an iarnróid thar soláthraithe iompair eile ar an mbealach mar sin,
- Minicíocht bhreise ar bhealaí IdirChathrach eile, lena n-áirítear Baile Átha Cliath/Luimneach,

Athbhreithniú na nOibríochtaí *(ar lean)*

- Oscailt Stáisiún na nDugaí, a mhéadaigh acmhainneacht agus rogha na seirbhísí go mór do chomaitéirí Iarthar Bhaile Átha Cliath arb as ceantair chomaitéireachta borrrtha iad ar nós Cluain Saileach, Cúil Mhín agus Caisleán Cnucha,
- Oscailt an Stáisiúin i mBaile Adaim le 32 seirbhísí gach lá a mhéadóidh go 76 nuair a chríochnófar an tionscadal 4-rianaithe ar Bhealach Chill Dara.

Ina theannta sin, cuireadh na príomh thionscadail Iompar 21 ar aghaidh go maith i rith na bliana. Méadóidh sé seo an phátrúnacht agus scair an mhargaidh a thuilleadh lena n-áirítear:

- **Tionscadal Bealaigh Chill Dara:** I 2007 cuireadh tús le hobair fhisiceach ar an tionscadal le haghaidh an líne cheithre-rian idir Gort na Silíní agus Haiste an Choill ar mhaithe le tairbhí inniúlachta agus minicíochta móra a sheachadadh ar bhealaí comaitéireachta.
- **Conair Iarnróid an Iarthair:** Thosaigh leagan na rianta ar an gcuid idir Inis/Baile Átha an Rí de Chonair Iarnróid an Iarthair. Nuair a comhlíonfar é seo beidh seirbhísí iarnróid díreach idir Luimneach agus Gaillimh.
- **Ráilchairr IdirChathrach nua:** Tháinig an chéad cheann de chabhlaigh €400 milliún de ráilcharr IdirChathrach chun feidhme ar líne Bhaile Átha Cliath/Sligeach. Déanfar an chuid eile den chabhlaigh a chéimniú chun seirbhíse i gcaitheamh na bliana 2008.
- **Corcaigh/Mainistir na Corann:** D'fhorghas an tAire Iompair an tOrdú Iarnróid don líne Corcaigh/Mainistir na Corann, agus tá obair ullmhúcháin ar bun faoi láthair. Cuireadh tús le hoibreacha fisiceacha i mí Feabhra 2008.



Tá an chabhlaigh ráilcharr Idirchathrach nua €400 milliún ag athrú caighdeán, compord agus minicíocht ó bhun ar fud an líonra náisiúnta iarnróid.

- **Feabhsuithe Luais Chúl an tSúdaire:** Táthar tar éis na luasanna líne a mhéadú go 80mph ón luas teorannach de 20mph sular chríochnaíodh na feabhsuithe.
- **Carrchlóis chustaiméara:** I gcaitheamh na bliana osclaíodh carrchlóis i mBaile Mhic Gormáin, sa Tulach Mhór agus san Inbhear Mór le 37 láthair breise ag céimeanna éagsúla féidearthachta, dearaidh nó tógála.

Díolachán Ar-Líne na dTicéad Comaitéireachta um Shábháil Cánach

I rith 2007 rinneadh forfheidhmiú ar an dara chéim den chóras ticéadta ar-líne le haghaidh ticéid chomaitéireachta um shábháil cánach do Iarnród Éireann. Le breis agus 2,000 cuideachtaí socraithe suas ar an gcóras anois shroich an t-ioncam a bailíodh sa réimse seo €18.2 milliún i 2007.

Cártaí Taistil do Mhic Léinn

I rith na bliana acadúil 2006/07 díoladh os cionn 53,000 cártaí, méadú de 31% thar an tréimhse roimh ré ag léiriú cumar an táirge d'fhás breise.

Europort Ros Láir

Bhí bliain iontach eile ag Europort Ros Láir, an ceathrú port is mó sa Stát, agus an dara cheann is mó san earnáil phríomha RORO, le tréchur lastais suas faoi 7% go 168,000 aonad. Sa bhreis ar sin bhí gnó paisinéara suas 7% le líon na bpaisinéirí os cionn 1 milliún taifeadta i 2007. Rinneadh clár infheistíochta €8.0 milliún i Europort a fhorghas i rith na bliana.

Bus Átha Cliath

Rinne Bus Átha Cliath taifeadadh ar fheidhmíocht láidir eile i 2007 ag taifeadadh farasbarr de €4.8 milliún (2006 - €4.3 milliún) ar chúl an fháis ioncaim ag €200.4 milliún (2006 - €189.3 milliún).

D'fhás pátrúnacht i gcaitheamh na bliana le 147.5 milliún turas paisinéirí déanta ar sheirbhísí Bus Átha Cliath don bhliain 2007 ar a chabhlaigh de nach mór 1200 bus thar 193 bealach atá mar mhéadú de 1.2 milliún ar iompraíochtaí na bliana seo caite de 146.3 milliún.

Chonacthas fás ar fud mórán limistéir geografacha i rith na bliana, go hairithe ailínithe bealach an Chonair Bus Cáilíochta (QBC) le limistéir ar nós Sord, Baile Bhlainséir, Fionnghlas agus Mullach Íde ag déanamh taifeadadh ar mhéadú de breis agus 8% i líon na ndaoine á iompar go Baile Átha Cliath i mbuaic-ama na maidine. Sa bhreis ar sin, léiríonn torthaí ó shuirbhéanna lódála paisinéara ar na seirbhísí nua Iompar 21 go bhfuil 20,000 custaiméirí sa bhreis á iompar gach seachtain.

Athbhreithniú na nOibríochtaí *(ar lean)*

Mar sin féin, in ainneoin an staid feabhsaithe, tá brú tráchta fós ina ábhar imní tromchúiseach don chuideachta agus a cuid custaiméirí. In ainneoin an dul chun cinn suntasach ar QBCanna, leanann an brú tráchta dothuartha agus dian ar aghaidh mar fhadhb mhór do Bus Átha Cliath.

Le blianta beaga anuas, níor fhorbair luasanna bus an líonra foriomlán toisc an staid seo atá ag dul in olcas le luasanna ag dul chomh íseal le 5 kmph trí chroílár na cathrach. Tá tuarascáil neamhspleách tar éis a ríomh go bhfuil costas an tranglam tráchta seo ar Bus Átha Cliath ag thart ar €60 milliún in aghaidh na bliana.

Chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar leith seo, táthar tar éis clár bliana a chomhaontú le hOifig an Líonra Bus Cáilíochta de chuid Comhairle Cathrach Átha Cliath chun na QBCanna reatha a fheabhsú agus cinn nua a fhorbairt. Táthar tar éis go leor dul chun cinn a dhéanamh trí bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla agus oifig an QBN agus mar sin féin tá go leor oibre le déanamh go fóill.

I rith na bliana tugadh isteach bealaí Conaire Bus Cáilíochta nua ó limistéir fhorbartha ag tairiscint taisteal díreach chuig an gcathair. Sa bhreis ar sin, rinneadh ard-minicíochtaí lae iomláin a choinneáil, bhí leathnú leanúnach ar an líonra le seirbhísí minicíochta níos airde ar bhealaí eiseacha.

D'áirigh buaicpointí na bliana:

- Tabhairt isteach 100 bus dhá urlár nua le hurlár íseal atá inrochtana do chathair rothaí faoi Chlár Infheistíochta Iompar 21 de chuid an Rialtais. Soláthróidh na busanna seo inniúlacht agus minicíocht mhéadaithe do limistéir chónaithe nua agus forbartha.



Thaisteal thar 1 milliún paisinéir ar Airlíon Express Bhus Átha Cliath i 2007.

- Tabhairt isteach céimnithe de thromlach an 100 bus ionadaíoch nua, 50 díobh siúd atá mar bhusanna trí-acastóir le cumas iompraíochta paisinéirí 25% níos mó ná na gnáth bhusanna.
- Cumas iompraíochta paisinéirí méadaithe ar Chonair Bus Cáilíochta Bhaile Bhlainséir faoi 21%.
- Coigeartú chuig an bealach Xpresso 33X a úsáid an Tollán Chalafort anois ar a bhealach isteach ó na Sceirí chuig Faiche Stiabhna, ag laghdú fad an turas do lucht na comaitéireachta.
- Comhlíonadh na gConairí Bus Cáilíochta i Sráid an Phiarsaigh, Cluain Dolcáin Theas, Bóthar an Náis, Bóthar Chill Mac Oda Uachtarach, na Céanna Thuaidh agus Bóthar na Carraige.
- Laghdú na hamanna taistil ar na Céanna Thuaidh le 15 nóiméad ar an meán mar thoradh ar thabhairt isteach na Conaire Bus Cáilíochta nua.

Iompar Glas

I gcloí le tiomantas Bus Átha Cliath do chleachtais ghnó níos glaise, comhlíonann na busanna nua atá á dtabhairt isteach chuig an gcabhlach na caighdeáin astuithe is airde de chuid an AE. Feistithe le teicneolaíocht innill ar a bheidh astuithe níos ísle mar thoradh, tá innill naoi lítear ag na busanna agus cloíonn siad le Treoir 4 an Aontais Eorpaigh.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta dá n-astuithe a laghdú trí mheán coinneáil suas le teicneolaíochtaí nua i réimsí na mbithbhreoslaí agus na línte tiomána eile araon agus bogfaidh sé i dtreo réitigh atá níos ísle i leith carbóin, chomh tapa agus a ligfidh saincheistean tráchtála, loighciúla agus teicniúla.

Seirbhísí Speisialta

I rith 2007 chuir Bus Átha Cliath áiseanna Páirceála & Taistil ar fáil d'imeachtaí ceolchoirme ar nós Slane, Oxegen, Marley Park, Páirc an Fhionnuisce agus Caisleán Mhullach Íde, ag soláthar modh iompair mhinic agus áisiúil do na mílte daoine a théann chuig ceolchoirmeacha.

Rinne turais Chathair Átha Cliath taifeadadh ar ioncam de €6.5 milliún i 2007 méadú 8% ar an mbliain roimhe. Baineadh an fás seo amach le cúnamh ó lár-chóras nua-fhorbartha na n-áirithintí le haghaidh turais lae agus suíomh gréasáin fámaireachta nua www.dublinsightseeing.ie a chuaigh beo i Meitheamh 2007 agus atá an-rathúil.

Athbhreithniú na nOibríochtaí *(ar lean)*

Inrochtaineacht

Tá 70% den chabhlach anois mar chabhlach urlár íseal atá inrochtana do chathaoir rothaí agus tá an aidhm chun cabhlach iomlán inrochtana a bheith ann faoin mbliain 2012 an-índéanta ar fad.

Comhshaol Sábháilte

Tá sábháilteacht ina thosaíocht go fóill do Bus Átha Cliath agus is príomh-chuid í de thiomantas na cuideachta chun an tír a sholáthar le seirbhís iompair sábháilte agus iontaofa leis an gcabhlach iomlán de 1,182 bus feistithe go hiomlán le ceamaraí CCTV a chlúdaíonn an bus ar fad.

Bus Éireann

D'aischuir Bus Éireann farasbarr de €6.9 milliún don bhliain (2006 - €2.3 milliún) le méadú 7.0% in ioncam ag €282.9 milliún (2006 - €265.1 milliún) agus bhí turais phaisinéirí ag 95.7 milliún suas 4% ar an mbliain roimhe sin.

Le fás 24% i líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí sceidealta cúige agus eile ón mbliain 2000, soláthraíonn seirbhísí Bus Éireann ceangal rithábhachtach so phobail áitiúla agus tuaithe araon. Trína líonra Luasbhealaigh tráchtála agus brabúsach, bíonn an chuideachta in iomaíocht le lucht feidhmíochta Éireannacha agus ilnáisiúnta maidir le praghas, réimse seirbhísí agus minicíocht.

D'áirigh buaicpointí na bliana:

- Seirbhís Bhaile Áth Cliath/Béal Feirste lae iomlán tugtha isteach. Seirbhísí comhchosúla eile á bpleanáil.
- Cóistí nua dhá urlár tugtha isteach do turais chomaitéireachta achar fhada os cionn 100 ciliméadar lena n-áirítear Achadh an Iúir, An tIúr, Baile Átha Luain agus Guaire go Baile Átha Cliath.



Sheol Bus Éireann meaisíní díolta ticéad go raon láithreacha nua i 2007.

- Cuir isteach ordú nua le haghaidh 32 cóistí dhá urlár le maoiniú formheasta faoi lompár 21.
- Busanna nua atá tíosach ar fhuinneamh ag teacht chun feidhme le ráta astuithe íseal Euro 4 agus an cumas acu freisin chun rith ar 5% bithbhreosla.
- Oscailt stáisiúin bus nua i dTrá Lí agus in Inis.
- An chéad sheirbhís de chuid lompár 21 tugtha isteach i réigiún an Oirthir le ceangailtí gach nuair an chloig ó 5:00m ag nascadh An Uaimh, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Imeachtaí Speisialta

Tá an chuideachta tar éis a bheith fíor-rathúil freisin i mbliana maidir lena seirbhísí iompair agus lóistíochta lena n-áirítear soláthair an iompair chuig seachtain Rásaí na Gaillimhe inar iompraíodh 55,000 duine go Baile an Bhriotaigh ar sheirbhís tiomanta. D'fheidhmigh Bus Éireann cóistí freisin chuig agus ó roinnt de na féilte agus coirmeacha ceoil is mó sa tír i 2007 lena n-áirítear Motocross ag Caisleán na Sláine, an Garden Party i gCaisleán Bhaile an Locha, Oxegen i mBaile Fuinse agus an Midland Music Festival sa Mhuileann gCearr.

Bearta tosaíochta bus

In ainneoin a chuid feidhmíochta rathúil maidir le haghaidh a thabhairt ar an iomaíocht i rith 2007, leanann comhshaol feidhmíochta Bus Éireann ar aghaidh ag meath de bharr brú tráchta uirbeach, atáthar tar éis a léiriú trí thuarascáil neamhspleách atá ag gearradh costas ar an gcuideachta atá os cionn €23 milliún sa bhliain. Ní cosúil go bhfuil an tranglam tráchta uirbeach chun laghdú in aon chor, is é an fás thar cuimse d'úsáid na ngluaisteán ó chomaitéireacht uirbigh atá mar an phríomh-chúis den bhrú tráchta uirbeach. Tá Bus Éireann tar éis nascadh le bainistíocht an údarais áitiúil i gCorcaigh, sa Ghailimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun plean agus dul chun cinn a dhéanamh ar bhearta tosaíochta bus a rachaidh i ngleic leis an bhfadhb seo atá ag dul i méid.

I rith 2007 baineadh amach tuilleadh dul chun cinn i leathnú na mBealaí Glasa (Conairí Bus Cáilíochta tuaithe) le 5 cinn as an 9 mbealach imlínte i bPlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí comhlíonta anois. Thug Cathair Luimnigh a dara Bhealach Glas chun feidhme i gcaitheamh na bliana.

Mear-lompár Bus

D'fhógair Bus Éireann freisin go bhfuil an chuideachta ag déanamh imscrúdú faoi láthair ar an gcumas chun Mear-lompár

Bus (BRT) a thabhairt isteach, go ginearálta tugtar 'tramanna bus' orthu seo agus tá siad coitianta sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus i líon méadaithe de chathracha na hEorpa.

Iompar Scoile

I 2007 rinneadh feabhsuithe breise ar an gcóras iompair scoile le 252 seirbhís nua tugtha isteach. Rinneadh thart ar 135,000 páiste a iompar dhá uair sa ló ar fheithiclí iompair scoile conartha agus Bus Éireann ag cuimsiú cabhlach de breis agus 3,850 feithicil in iomlán. Tugann páistí atá ag taisteal faoin Scéim Iompair Scoile faoi níos mó ná 45.5 milliún turas gach bliain.

Seirbhísí Grúpa CIÉ

CIÉ Tours International

Tá CIÉ Tours International tar éis leanúint ar aghaidh ag trádáil go brabúsach i margadh turasoireachta domhanda atá dúshlánach ar bhonn méadaithe. I rith 2007 sholáthar an chuideachta eispéreas saoire taitneamhach do os cionn 54,000 duine. Táthar tar éis ioncain de €57.1 milliún a ghiniúint i gcaitheamh na bliana, méadú 13.5% ar leibhéal 2006. Tá roinnt mhaith den mhéadú seo tar éis titim amach i gcroí-ghnó na cuideachta um mhuintir Mheiriceá Thuaidh a thabhairt go héire ar laethanta saoire turais cóiste.

Is féidir na táirgí uile atá á ndíol ag CIÉ Tours International a bheith curtha in áirínt go díreach ag an bpobal trí shuíomh gréasáin na cuideachta. Go dtí seo tá áiríntí a rinneadh trí an áis seo tar éis ionchais na cuideachta a shárú go mór.

I rith 2007 leathnaigh CIÉ Tours International a réimsí táirgí chun turais cóiste de chuid Meiriceá Thuaidh agus an Iodáil a chur san áireamh. Ag dul chun cin ón rathúlacht seo tá an



D'infheistigh Bus Éireann i gcláir éagsula oiliúint foirne i 2007, ina measc oiliúint athnuachana do thiománaithe le béim ar theicnící tiomána cosanta agus ar chosc na dtimpistí.

chuideachta tar éis seoladh a dhéanamh ar bhróisiúr ar leith don bhliain 2008 ag tairiscint réimse leathan de thurais cóiste agus cúrsáil abhann freisin ar fud Oirthear agus Lár na hEorpa.

Le linn 2007 thaisteal Éireannaigh go fairsing le CIÉ Tours International ag dul ar thurais de Mheiriceá Thuaidh agus Theas, Ceanada, An Afraic Theas, An tSín agus An Astráil mar aon le réimse leathan de thurais Eorpacha.

Maoin Ghrúpa

I rith 2007 d'aitigh Rannán Maoine CIÉ €6.8 milliún ó dhíolachán farasbarr maoine. Sa bhreis ar sin, tháinig ioncam cíos go €14.9 milliún méadú de 3.5% ar an mbliain 2006.

I láthair na huaire tá an rannán ag obair ar mhórhionscadail i mBaile Átha Cliath (Duga Spencer; Sráid na Bearú, Idirnascaire, Sráid na Teamhrach agus Sráid na Mainistreach/Sráid Mhór na Trá), Corcaigh (Stáisiún Cheannt), an Fhaiche Mhór sa Ghailimh, Trá Lí agus Baile Átha Luain.

Leanann an Rannán Maoine ar aghaidh ag soláthar comhairle ghairmiúil do thionscadail bhonneagair éagsúla de chuid Iarnróid Éireann, lena n-áirítear dúnadh na gcrosairí comhréidh, Tionscadal Bhealaigh Chill Dara, stáisiún chomaitéireachta Chorcaí, Conair Iarnróid an Iarthair, na línte comaitéireachta nua chuig Mainistir na Corann agus Pace (Dún Búinne).

Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

Mar thoradh ar an bhfás leanúnach i ndeiseanna fógraíochta nua a fhorbairt bhí na torthaí is fearr go dtí seo bainte amach ag an Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN). Mhéadaigh ioncam ó dhíolachán na fógraíochta i bhfeithicil agus ar mhaoin na cuideachta faoi 24.3% le linn 2007 mar thoradh ar sin bhí próifíl glan de €9.4 milliún suas 24.0% ar 2006.

Sa bhreis ar a fheisteas fógraíochta seasta tá CAN ag rolladh amach scrollóir nua agus taispeántí trí-fhíse faoi láthair i ngach ceann de na mór-stáisiúin bus agus iarnróid ar fud na tíre.

Saincheisteanna Corparáide

Fostaíocht

Ba é meán líon na ndaoine fostaithe ag Grúpa CIÉ ag deireadh 2007 ná 11,701 laghdú de 115 ar uimhir 2006.

Rannpháirtíocht Foirne

Tá a fhoireann fós mar an príomh-sócmhainn ag CIÉ. Tá sé mar pholasaí Grúpa úsáid a bhaint as an sócmhainn seo chomh mór agus is féidir trí forbairt réamhghníomhach a dhéanamh ar

Athbhreithniú na nOibríochtaí *(ar lean)*

chultúr rannpháirteach agus obair foirne a spreagadh ar fud an Ghrúpa. Spreagtar fostaithe chun a bheith rannpháirteach i reáchtáil an Ghrúpa trí pháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, páirtithe oibre agus tionscnaimh feabhsaithe seirbhíse atá dírithe ar an gcustaiméir. Tá foráil le haghaidh ceathrar stiúrthóir oibre ar Bhord ClÉ.

Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa ar aghaidh trína chuid Oifigigh Comhionannais ag coinneáil faoi athbhreithniú na deiseanna um fheabhsú an chomhionannais sa láthair oibre do na grúpaí uile atá clúdaithe ag reachtaíocht chomhionannais. Coimeádtar réimse na dtionscadal um Chothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le héagsúlacht eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a chuid cleachtais agus gnáthaimh m.sh. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC.

Bíonn cruinnithe rialta ar siúl le hionadaithe ó eagraíochtaí an lucht maolghluaiste chun tosaíochtaí a bhunú le haghaidh infheistíocht in áiseanna dá leithéid de ghrúpaí.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Leanann Coiste Sábháilteachta an Bhoird i ngach ceann de na cuideachtaí feidhmíochta ar aghaidh ag tacú go gníomhach le cláir shábháilteachta gach cuideachta agus spreagtar an rannpháirtíocht is leithne ar féidir i gcur chun cinn na sábháilteachta agus cosc tionóisce. Feidhmíonn gach ceann de chuideachtaí an Bhoird Cláir Leasa na bhFostaithe chomh maith.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn ClÉ a chuid freagrachtaí as ucht cinntiú an chomhlíonta, i ngach ngné ábhartha, le forálacha na Rialacháin CE (Íocaíocht Mall in Idirbhearta Tráchtála) 2002. An polasaí íocaíochtaí a bhí ann ar fud an Ghrúpa i 2007 ná chun cloí le riachtanais an Rialacháin.

Polasaí an tSoláthair

Tá Polasaí an tSoláthair de chuid Grúpa ClÉ i bhfeidhm chun cinntiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Treoracha Fóntais agus Soláthair Poiblí an AE, mar aon le polasaithe an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach cuireadh na soláthairtí uile os cionn an tairsí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iriseán an AE iad nuair a bhí amhail oiriúnach.

Rioscaí Príomha

Déileálann Grúpa ClÉ leis na rioscaí príomha do ghnóthaí i roinnt slite éagsúla lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht mar atá mínithe thuas. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár riosca agus déantar é a uasghrádú go féilteúil leis na rioscaí agus pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Téann Iarnród Éireann, ar a shon féin agus thar ceann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, i mbun conarthaí Malartú Tráchtearra le haghaidh breosla. Tugann ClÉ faoi cheannachán tosaigh airgeadra sa chás go mheasann sé go bhfuil luach agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.



Bhí urlár íseal atá inrochtana do chathaoir rotha ag 70% de chabhlach Bhus Átha Cliath i 2007.

Struchtúr an Ghrúpa

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann iompar poiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtais na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Tá cuideachta shealbháíochta an Ghrúpa eagraithe i gcúig fhochuideachtaí oibríochta, dhá aonad gnó agus fo-sholáthraithe seirbhísí. Idir eatarthu soláthraíonn siad seirbhísí do:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Carraeireacht lastas iarnróid
- Lónadóireacht traenach agus stáisiúin
- Taisteal bus cathrach, idirchathrach, tuaithe agus bus scoile
- Carraeireacht lastas bóthair
- Bainistíocht na gcalaí
- Turais imeachta/laethanta saoire
- Fosheirbhísí: Bainistíocht tionscadail; Dlíthiúil; Bainistíocht Árachais/Dliteanais; Seirbhísí TF agus Telecom.

Cuirtear treoir, rialú agus comhordú straitéiseach foriomlán ar fáil ag an gcuideachta shealbháíochta cé go bhfuil ardleibhéal uathriail oibríochta ag gach fochuideachta agus aonad gnó.



Córas Iompair Éireann

CIE Tours International Inc.
Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)
Rannán Maoine CIÉ
Bainistíocht Árachais/Dliteanais
Teicneolaíocht Faisnéise
Seirbhísí Dlíthiúla

Iarnród Éireann

IdirChathrach
Fo-uirbeach
Cian-chomaitéireacht
Lastas Iarnróid
Lastas Bóthair
Calafort Ros Láir
Lónadóireacht Líonra (Dubel Ltd.)



Bus Éireann

Luasbhealach
Seirbhísí Tuaithe
Seirbhísí Cathrach Tuaithe
Seirbhísí Bus Scoile
Tástáil ar Fheithiclí Tráchtála
Fruilliú Príobháideach

Bus Átha Cliath

Seirbhísí Cathrach
Xpresso
Nitelink
Airlink
City Tours
Fruilliú Príobháideach

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina gcomhaltaí Boird ag tráth ar bith le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2007 nó a ceapadh ó shin, leagtha amach thíos. Mura bhfuil a mhalairt léirithe bhíodar mar chomhaltaí den Bhoird don bhliain iomlán.

An Dr. J. J. Lynch	Cathaoirleach Feidhmiúcháin
M. Canniffe Usual	(D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal P. Cullen*	
M. Johnston Usual*	
An tUasal P. Kiely	(D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal G. Lightfoot	(Cheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal B. McCamley*	
An tUasal J. Moloney*	
An tUasal N. Ormond	(D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
Oll. Y. Scannell	(D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal S. Sheerin	(Cheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal J. Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)
M. Walsh Uasal	(D'éirigh as 4 Meitheamh, 2007)

1 folúntas

*Comhalta Oibrí

Rúnaí an Bhoird

G. Finucane Uasal	
Stáisiún Heuston,	
Baile Átha Cliath 8.	
Teileafón	+ 353 1 703 2008
Facsimile	+ 353 1 703 2276

Coistí Boird amhail an 7 Bealtaine 2008

Coiste Iniúchta

An tUasal P. Kiely	Cathaoirleach (D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
M. Canniffe Usual	(D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal N. Ormond	(D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal J. Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)

1 folúntas

An Coiste Airgeadais

An tUasal P. Kiely	Cathaoirleach (D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An tUasal J. Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)
M. Walsh Uasal	(D'éirigh as 4 Meitheamh, 2007)

3 folúntas

Coiste Luach Saothair

An tUasal P. Kiely	Cathaoirleach (D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
An Dr. J. J. Lynch	
An tUasal J. Sorohan	(D'éirigh as 1 Márta, 2008)

1 folúntas

An Coiste Maoine

M. Walsh Uasal	Cathaoirleach (D'éirigh as 4 Meitheamh, 2007)
An tUasal N. Ormond	Cathaoirleach (D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)
M. Johnston Usual	(Ceaptha 6 Meitheamh, 2007)
Oll. Y. Scannell	(Ceaptha 6 Meitheamh, 2007 D'éirigh as 1 Márta, 2008 Athcheaptha 29 Aibreán, 2008)

1 folúntas

Bainistíocht an Ghrúpa

An tUasal R. Connolly	An Príomh Oifigeach Airgeadais
An tUasal B. Stack	An Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International
An tUasal D. Fearn	An Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann
An tUasal T. Hayes	An Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann
An tUasal J. Meagher	An Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath

Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Dug Spencer,
Baile Átha Cliath 1.

Aturnae

An tUasal M. Carroll,
Teach Bridgewater,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

An Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Leis an gCód Cleachtas do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, leagtar amach na prionsabail de rialachas corparáideach a bhíonn sé de dhualgas ar Chomhlachtaí Stáit glacadh leo. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chleachtais.

An Bord

Tá an Bord comhdhéanta de dhá chomhalta déag agus tá folúntas amháin ann faoi láthair. Ceapann an Rialtas an Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile chuig an mBord. Ceapann an tAire Iompair ceathrar comhaltaí ar oibríthe iad do théarma ceithre bliana i ndiaidh toghcháin de chuid foirne an Ghrúpa.

Buaileann an Bord lena chéile go míosúil agus ar ócáidí eile nuair a bhíonn sin riachtanach. Bíonn sceideal foirmiúil ábhar i gceist a bhíonn forchoimeáda go sonrach dá athbhreithniú lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bhliantúla, buiséid, an plean corparáideach, éadálacha agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitil ollmhór, ceapacháin bhainisteoirí sinsearach agus polasaithe Grúpa ollmhóra. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa maidir le faisnéis bhainistíochta a thuiriscíú chuig an mBord ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta.

Coistí Boird

Bunaítear coistí chun cuidiú leis an mBord a fhreagrachtaí a urscaoileadh. Tá na coistí comhdhéanta de Choiste Iniúchta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Maoine agus Coiste Luach Saothair. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe ar leathanach 15.

An Coiste Iniúchta

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Iniúchta agus tá an coiste comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird neamhfheidhmeannacha. Buaileann an Coiste le chéile go tréimhsíúil le bainistíocht shinsearach an Ghrúpa, le hiniúcháirí seachtracha agus le Ceannasaí na hIniúcháireachta Inmheánaigh chun rialaithe inmheánacha an Ghrúpa, pleananna iniúchta inmheánacha agus seachtracha agus torthaí ina dhiaidh sin a athbhreithniú mar aon le polasaithe cuntasaoíochta a roghnú, tuarascáil iniúchta reachtúil, tuairiscíú airgeadais lena n-áirítear na cuntais iniúchta bhliantúla agus ábhair ghaolmhara

eile. Tá an Coiste Iniúchta freagrach freisin as neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha a athbhreithniú agus nádúr agus cineál na hoibre neamhiniúchta a dhéantar a athbhreithniú lena chinntiú go mbeidh cothromaíocht cheart idir oibiachtúlacht agus éifeachtacht ó thaobh costais de. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceannasaí na hIniúcháireachta Inmheánaigh ar an gCoiste Iniúchta. Freastalaíonn iniúcháirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus buaileann siad le chéile go bliantúil leis an gCoiste nuair nach mbíonn an bhainistíocht i láthair lena chinntiú nach mbeidh aon ábhair imní ann nach bhfuil socraithe.

An Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste. Tá folúntas amháin ar an gcoiste seo faoi láthair. Buaileann an Coiste le chéile leis an bPríomh-Oifigeach Airgeadais agus leis an mbainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun maoiniú cláir chaipitil an Ghrúpa a athbhreithniú, chun tosaíocht a thabhairt do thograí caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, do bhuiséid oibríochta agus caipitil bhliantúla agus do chistíocht, polasaí fála agus diúscairthe an Ghrúpa. Athbhreithníonn an coiste straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa freisin. Tá sé de dhualgas ar an gCoiste freisin go gcumasaíonn córais faisnéise bainistíochta an Ghrúpa feidhmiú éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Tá an Bord freagrach go foriomlán as córais rialaithe airgeadais inmheánacha an Ghrúpa. Tá na córais sin leagtha amach chun dearbhú réasúnach a thabhairt in aghaidh mhíríteas ábhartha nó cailteanas agus níl siad leagtha amach chun dearbhú absalóideach a thabhairt.

Áirítear na nithe seo a leanas i gcórais rialaithe foriomlán an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochta a bheidh sainmhínithe go soiléir le teorainneacha údarais i scríbhinn, deighilt cuí dualgas agus meicníochtaí tuairiscithe chuig leibhéal bainistíochta níos airde, chuig boird na bhfochuideachtaí, chuig Coistí Boird agus chuig an mBord. Coimeádtar polasaithe mionsonraithe ar phríomhréimsí de riosca airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh *(ar lean)*

- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála ina gcuirtear feidhmíocht iarbhire i gcomparáid leis an mbuiséad réamhcheadaithe ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus déantar aon treochtaí suntasacha nó folúntais a imscrúdú. Scaiptear na tuarascálacha sin chuig an mBord ar bhonn míosúil chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Treoirlínte soiléire a bhunú chun caiteachas caipitil a cheadú agus a rialú. Áirítear orthusan buiséid chaipitil bhliantúla a a ullmhú arna cheadú ag an mBord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, agus staidéir féidearthachta mionsonraithe agus breithmheasa ar thionscadail chaipitil suntasacha aonair sula gceadaítear sin ón leibhéal cuí den údarás (lena n-áirítear an Roinn Iompair maidir le tionscadail mhóra). Maidir le tionscadail chaipitil mhóra, ullmhaítear tuarascálacha dul chun rialta chuig an mbainistíocht agus chuig an bhfo-bhord iomchuí agus éilíonn gach tionscadal caipitil suntasach páipéar deiridh foirmiúil a thabhairt chun críche.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, athbhreithníonn an Grúpa Comhairleach Infrastruchtúir, atá comhdhéanta de stiúrthóirí agus de bhainistíocht shinsearacha Iarnród Éireann araon, tograí tionscadail ar bhonn míosúil, glactar le próisis tairisceana agus meastóireachta agus cuirtear tionscadail chaipitil ollmhóra chun cinn i gcoinne tráthchlár tionscadail agus buiséid.

Athbhreithníonn Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa rialuithe inmheánacha go córasach, agus tá ról feadh an Ghrúpa acu. Sna athbhreithnithe sin, cuireann iniúchadh inmheánach béim ar réimsí lena mbaineann riosca ollmhór mar a aithnítear óna gcreat oibre anailise riosca. Sainmhíníonn cairt ceadaithe an Bhoird ról agus freagrachtaí na roinne iniúchta inmheánaigh. Tuairiscíonn Iniúchóir Inmheánach an Ghrúpa chuig an gCoiste Iniúchta.

D'athbhreithnigh an Bord tríd an gCoiste Iniúchta éifeachtach na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh trí na nithe seo a leanas:

- An clár iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú (ullmhaithe i ndiaidh a bpróiseas measúnaithe riosca iniúchta) agus a bpríomhthorthaí a bhreithniú.
- Na príomhthorthaí d'aon imscrúduithe inmheánacha a bhreithniú.

- Tuarascáil an iniúchóra seachtrach a athbhreithniú ina bhfuil mionsonraí d'aon saincheisteanna rialaithe ábhartha a aithnítear mar thoradh ar a n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas Bainistiú Riosca Feadh an Fhiontair (EWRM) i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí rioscaí gnó ollmhóra lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibríochta, straitéiseacha, guaiseacha agus comhlíonta. Soláthróidh an próiseas sin dearbhú go n-aithneofar rioscaí ábhartha agus go nglacfar gníomhartha cuí. Tá Clár Riosca Doiciméadaithe i bhfeidhm.

Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá polasaithe Chóras Iompair Éireann i ndáil le luach saothair chomhaltaí an Bhoird feidhmiúcháin i gcomhar le “Socruithe chun luach saothair na gComhlachtaí Stáit Tráchtála atá faoi choimirce na Roinne Fiontar Poiblí a bhreithniú”, arna eisiúint i mí Iúil 1999. Is é an Cathaoirleach an t-aon chomhalta ar an mBord Feidhmiúcháin. Tá a luach saothair socraithe laistigh de raon atá breithnithe ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Iompair.

Luach Saothair na gComhaltaí eile

Breithníonn an tAire Iompair luach saothair na gcomhaltaí Boird eile go léir i ndáil lena ndualgais mar chomhaltaí an Bhoird. Ní fhaigheann siad pinsin dá ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Tugtar luach saothair do chomhaltaí boird a cheaptar faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 freisin i gcomhar lena gconarthaí fostaíochta.

Gnóthas Leantach

Tá na comhaltaí Boird sásta go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Mar gheall air sin, leanfar ag glacadh le bonn ‘an ghnóthais leantaigh’ agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Breithníonn an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe eile a rinneadh ina dhiaidh sin freagrachtaí chomhaltaí Bhoird Chóras Iompair Éireann. Ceanglaíonn an reachtaíocht sin ar na comhaltaí Bhoird a chinntiú go n-ullmhófar ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais, de réir dlí infheidhme na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasáíochta, a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird na nithe seo a leanas a chinntiú:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord lena ghnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasáíochta chearta a nochtann le cruinneas réasúnach ag gach aon tráth seasamh airgeadais an Ghrúpa agus a chuirfidh ar a gcumas go gcloifidh na ráitis airgeadais le riachtanais an Achte Iompair, 1950 agus gach Rialachán a fhorléirítear mar aon ní amháin leis an Acht sin.

Tá siad freagrach freisin as céimeanna a ghlacadh atá oscailte go réasúnach dóibh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is iad na bearta a ghlac an Bord leo lena chinntiú go gcloítear lena oibleagáidí leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Breithnítear freagrachtaí stiúirthóirí fhochuideachtaí an Ghrúpa leis an Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí cuideachta infheidhme.

Tuarascáil na nIníúcháirí Chuig an Aire Iompair

Inár n-iníúcháirí arna gceapadh ag Grúpa Chóras Iompair Éireann agus na Máthairchuideachta faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 agus le do thoiliú, rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 21 go 51 a ullmhaíodh faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus ar na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanaigh 21 go 23.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus na nIníúcháirí faoi Seach

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeáin chuntasaíochta arna eisiúint ag an mBord Caighdeáin Cuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn) mar atá leagtha amach ar leathanach 19 sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é an fhreagracht atá orainne inniúcháireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, don Aire Iompair, agus dósan amháin de réir Alt 34 (2)(a) den Acht Iompair, 1950 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de staid chúrsaí agus sreabhadh airgid an Ghrúpa de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn. Luaimid cibé an bhfuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá riachtanach chun críche ár n-iníúchta agus cibé an dtagann clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin ár dtuairim cibé ar choimeád Córas Iompair Éireann leabhair chuntais chuí.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus idirbhearta na gcomhaltaí sin, agus nuair is indéanta sin, cuirfimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Léamar an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil. Tá an fhaisnéis eile sin comhdhéanta de Ráiteas an Chathaoirigh

agus an tAthbhreithniú Oibríochta. Breithnímid dár dtuarascáil cibé an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta agus na himpleachtaí má thugaimid faoi deara aon mhírítis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Bunús leis an Tuairim Iniúcháireachta

Chuathas i mbun na hiniúcháireachta de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúcháireachta. Déantar, mar chuid den iniúcháireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne comhaltaí an Bhoird agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca an Ghrúpa agus na Cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúcháin a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírítas ábhartha a d'eascródh ó chalaos nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, ar stáid chúrsaí Chóras Iompair Éireann agus an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig, 2007 agus ar bharrachas agus sreabhadh airgid an Ghrúpa do dheireadh na bliana.

Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iníúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag Córas Iompair Éireann. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais.

PricewaterhouseCoopers,

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe, Baile Átha Cliath

7 Bealtaine, 2008.

Príomhpholasaithe Cuntasaíochta

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an nGrúpa:

(A) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta den Acht Iompair, 1950 agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsíú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

(B) Bunús Comhdhlúite

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a bhfochuideachtaí:

Iarnród Éireann agus a fhochuideachta Dubel Limited

Bus Éireann

Bus Átha Cliath

Meastar CIE Tours International Incorporated mar bhrainse de Chóras Iompair Éireann do chríocha cuntasaíochta.

Meastar Dubel Limited mar bhrainse d'Iarnród Éireann do chríocha cuntasaíochta.

(C) Ioncam

Tá ioncam comhdhéanta d'oll-luach na seirbhísí a soláthraítear.

(D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Tá bunús ríofa na rátaí dímheasa mar seo a leanas:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra córas. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra reatha, a choimeádann an cumas oibríochta de réir caighdeáin sainmhínte na seirbhíse, mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ag costas tar éis deontais a asbhaint.

Is é an muirear dímheasa do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ná an leibhéal measta caiteachais bliantúil atá riachtanach chun cumas oibríochta an líonra a choimeád agus tá sin bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní Iarnród Éireann.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a ardaíonn a chumas nó a chuireann lena chumas oibríochta mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas a dhímheastar thar a saol úsáideach.

(ii) Rothra iarnróid

Dímheastar gluaisinnill (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a fhaightear gan costas), trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

Dímheastar carranna iarnróid, stoc cóiste agus vaiginí freisin, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadán atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil. Dímheastar costais stairiúla busanna scoile trí thráthchodanna bliantúla comhionanna thar a saoil úsáideacha measta.

(iv) Feithiclí lastais bóthair

Dímheastar na hacmhainní sin ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodh digití.

(v) Dugaí, calafoirt agus calaí; fearas agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

(vi) Talamh agus foirgnimh

Dímheastar foirgnimh, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar saol caoga bliain. Tá luach leabhair an talamh agus na bhfoirgneamh atá ar fáil le díol agus ar dóigh go ndíúsceofar iad sa chéad dhá mhí dhéag eile san áireamh in sócmhainní reatha mar is cuí.

(E) Sócmhainní ar Léas

(i) Léasanna airgeadais

Tá cuntas déanta ar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag cuntasú do Chonarthaí Léasanna agus Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inlámhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó saol úsáideach na sócmhainne. Tá gnéithe caipitil na n-oibleagáidí cíosa amuigh san áireamh i gcreidiúnaithe. Gearrtar muiir airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite thar príomhthréimhse an léasa.

(ii) Léasanna oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

(F) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscriobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

(G) Oibleagáidí an Aontais Eorpaigh agus na Seirbhíse Poiblí agus Deontais Státchiste Eile

(i) Deontais do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha

Asbhaintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an polasaí sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inlámhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Níltear ag cloí le riachtanais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 mar dar leis na mBord go bhfuil sé riachtanach go léireodh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom mar nach bhfuil saoil inbhraite ag na línte agus ag na hoibreacha iarnróid sin agus dá réir nach mbeadh aon bhunús ann trína n-athneofaí deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha.

(ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad

infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite sa bhliain a fhaightear iad.

(iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Amúchtar deontais infheistíochta sábháilteachta chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

(H) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna inióchta nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche go Euro ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

Aistrítear iasachtaí airgeadra coigríche fadtéarmacha, lena n-áirítear an cion sin a bhíonn inióchta laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhardaithe, ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn ag rialú ag dáta an chláir chomhardaithe (rátaí deiridh) agus beidh na gnóthachain agus na caillteanais san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite.

(I) Pinsin

Tomhastar sócmhainní na scéime pinsin sochair sainithe ag luach cóir. Tomhastar dliteanais na scéime pinsin sochair sainithe ar bhonn achtúire trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe. Cuirtear farasbarr dhliteanais na scéime thar sócmhainní na scéime i láthair ar an gclár comhardaithe mar dhliteanas. Tá an muirear pinsin a ghearrtar ar bhrabúis oibríochta comhdhéanta de chostais seirbhíse reatha agus costais seirbhíse roimhe seo. Cuirtear farasbarr an toradh ionchais ar shócmhainní scéime thar an costas úis ar dhliteanais na scéime i láthair sa chuntas brabúis

agus caillteanais mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúire ó athruithe i mbonn tuisceana achtúire agus ó thaithí bharrachais agus easnaimh sa ráiteas de ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

(J) Costais Infrastruchtúr Iarnróid

De réir Treoir Chomhairle AE 91/440 éilítear ar Iarnród Éireann a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais don ghnó seirbhísí iompair agus iad sin don ghnó bainistíochta an infrastruchtúir iarnróid ar leithligh. Breithnítear na costais infrastruchtúir de réir Iarscríbhinn 1.A de Rialachán an AE Uimhir 2598/70.

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig	Nótaí	2007 €000	2006 €000
Ioncam	1	785,512	746,412
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(588,513)	(557,857)
Ábhair agus seirbhísí	4	(455,220)	(421,981)
Dímheas	5	(59,630)	(49,578)
Costais oibríochta eisceachtúla	6	(19,524)	(32,422)
Costais oibríochta iomlána		(1,122,887)	(1,061,838)
Easnamh roimh bhrabús ar dhíúsairt shócmhainní inlámhsithe ús agus Oibleagáidí/deontais Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar		(337,375)	(315,426)
Brabús ar dhíúsairt sócmhainní inlámhsithe	7	8,074	29,619
Easnamh roimh ús agus Oibleagáidí/deontais Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar		(329,301)	(285,807)
Ús infhaighte		4,897	3,194
Ús iníoctha			
- Oibríochta	8	(3,219)	(3,335)
- Infrastruchtúr iarnróid	8	(1,817)	(1,844)
Ioncam airgeadais eile	22	7,800	11,100
Easnamh don bhliain roimh Oibleagáidí /deontais Seirbhíse Poiblí agus scaoileadh soláthar		(321,640)	(276,692)
Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus deontais Stáitchiste eile	9	320,163	298,681
(Easnamh)/ barrachas don bhliain roimh scaoileadh soláthar		(1,477)	21,989
Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir	18	29,721	-
Barrachas don bhliain		28,244	21,989

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach

An tUasal P. Kiely Comhalta Boird

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána



Córas Iompair Éireann

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig

Barrachas don bhliain

Gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsin

Gnóthachain aitheanta iomlána maidir leis an mbliain

Nótaí

	2007 €000	2006 €000
	28,244	21,989
22	69,100	62,100
	97,344	84,089

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2007 €000	2006 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inlámhsithe	11	2,176,896	1,846,089
Sócmhainní airgeadais	12	20	20
		2,176,916	1,846,109
Sócmhainní reatha			
Stoic	13	44,889	54,131
Féichiúnaithe	14	199,775	171,552
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		49,625	36,399
		294,289	262,082
Creidiúnaithe (<i>méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</i>)	15	(400,641)	(342,543)
Glan-dlíteanais reatha		(106,352)	(80,461)
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		2,070,564	1,765,648
Creidiúnaithe (<i>méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin</i>)	16	(87,498)	(101,795)
Soláthairtí le haghaidh dlíteanais agus muirear	18	(172,095)	(196,631)
Dualgas sochair scoir	22	(162,800)	(224,700)
Ioncam iarchurtha	19	(1,527,448)	(1,219,143)
		120,723	23,379
Arna mhaoiniú ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste athsholáthair sócmhainní	20	-	237,310
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Easnamh an chuntais bhrabúis agus chaillteanais	20	79,656	(254,998)
Réamhíocaíochtaí Stáit neamh-aisíoctha		12,511	12,511
	20	120,723	23,379

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach

An tUasal P. Kiely Comhalta Bhoird

Clár Comhardaithe na Cuideachta

Amhail an 31 Nollaig		2007	2006
	<i>Notáí</i>	€000	€000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	11	583,428	452,635
Sócmhainní airgeadais	12	289,583	295,511
		873,011	748,146
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	14	77,378	84,074
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		47,765	34,417
		125,143	118,491
Creidiúnaithe (<i>méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</i>)	15	(291,459)	(269,366)
Glan-dlíteanais reatha		(166,316)	(150,875)
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		706,695	597,271
Creidiúnaithe (<i>méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin</i>)	16	(87,498)	(101,795)
Ioncam iarchurtha	19	(385,197)	(271,785)
		234,000	223,691
Arna mhaoiniú ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste athsholáthair sócmhainní	20	-	108,643
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus caillteanais	20	192,933	73,981
Réamhíocaíochtaí Stáit neamh-aisíoctha		12,511	12,511
	20	234,000	223,691

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach

An tUasal P. Kiely Comhalta Boid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig	Nótaí	2007 €000	2006 €000
Glan-Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	21(A)	109,826	65,702
Aischor ar infheistíochtaí, seirbhísíú airgeadais agus ioncam airgeadais eile	21(B)	114	(1,282)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	21(B)	(84,674)	(22,842)
Insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtaithe agus maoiniú		25,266	41,578
Maoiniú - laghdú ar fhiacha	21(B)	(13,503)	(12,971)
Ardú ar airgead tirim sa bhliain		11,763	28,607
Réiteach glan-insreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanfhiacha (nóta 21c)			
Ardú ar airgead tirim sa bhliain		11,763	28,607
Gluaiseacht airgid ó laghdú ar fhiacha agus maoiniú léasa		13,503	12,971
Athrú ar ghlanfhiacha mar thoradh ar shreabhadh airgid		25,266	41,578
Gluaiseacht i nglan-fhiacha sa bhliain		25,266	41,578
Glan-fhiacha amhail an 1 Eanáir		(94,017)	(135,595)
Glan-fhiacha amhail an 31 Nollaig		(68,751)	(94,017)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. BRABÚS AGUS CAILTEANAS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG

	Comh- dhlúthú FRS 17 €000	CIÉ €000	Iarnród Éireann €000	Bus Éireann €000	Bus Átha Cliath €000	Iomlán 2007 €000	Iomlán 2006 €000
Ioncam							
Iarnród							
- Rannán iarnróid bruachbhailte			55,833			55,833	51,902
- Rannán iarnróid an phríomhlíne			143,031			143,031	140,284
			198,864			198,864	192,186
Lastas bóthair			19,269			19,269	24,137
Calafort Ros Láir			12,117			12,117	11,373
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					200,364	200,364	189,272
- Cathracha cúige				24,500		24,500	24,333
- Seirbhísí eile				258,448		258,448	240,736
Turais		57,135				57,135	50,346
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha		14,815				14,815	14,029
Ioncam iomlán		71,950	230,250	282,948	200,364	785,512	746,412
Caiteachas							
Iarnród							
- Rannán iarnróid bruachbhailte:							
Costais oibríochta			74,002			74,002	65,509
Costais infrastruchtúir			39,288			39,288	25,663
- Rannán iarnróid an phríomhlíne:							
Costais oibríochta			209,342			209,342	199,026
Costais infrastruchtúir			158,141			158,141	148,915
			480,773			480,773	439,113
Lastas bóthair			19,390			19,390	24,528
Calafort Ros Láir			8,178			8,178	8,287
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					286,428	286,428	259,929
- Cathracha cúige				40,945		40,945	35,674
- Seirbhísí eile				277,472		277,472	255,738
Turais		56,125				56,125	49,591
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha	15,000	7,827				22,827	25,218
Caiteachas iomlán	15,000	63,952	508,341	318,417	286,428	1,192,138	1,098,078

1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG *(ar lean)*

	Comh- dhlúthú FRS 17 €000	CIÉ €000	Iarnród Éireann €000	Bus Éireann €000	Bus Átha Cliath €000	Iomlán 2007 €000	Iomlán 2006 €000
(Easnamh)/barrachas trí gníomhaireachta							
Iarnród							
- Rannán iarnróid bruachbhailte			(57,457)			(57,457)	(39,270)
- Rannán iarnróid an phríomhlíne			(224,452)			(224,452)	(207,657)
			(281,909)			(281,909)	(246,927)
Lastas bóthair			(121)			(121)	(391)
Calafort Ros Láir			3,939			3,939	3,086
Seirbhísí paisinéirí bóthair							
- Cathair Bhaile Átha Cliath					(86,064)	(86,064)	(70,657)
- Cathracha cúige				(16,445)		(16,445)	(11,341)
- Seirbhísí eile				(19,024)		(19,024)	(15,002)
Turais		1,010				1,010	755
Gníomhaíochtaí gnó lárnacha	(15,000)	6,988				(8,012)	(11,189)
(Easnamh)/barrachas oibríochta roimh eisceachtaí							
Ús infhaighte/(iniochta)	(15,000)	7,998	(278,091)	(35,469)	(86,064)	(406,626)	(351,666)
Ioncam airgeadais eile <i>(nóta 22)</i>	7,800					7,800	11,100
Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir			13,397	9,023	7,301	29,721	-
Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe <i>(nóta 7)</i>		6,798	588	(756)	1,444	8,074	29,619
(Easnamh)/barrachas roimh dheontais/ranníocaíocht ó mháthair chuideachta							
Deontais stáit	(7,200)	15,719	(269,137)	(25,686)	(74,866)	(361,170)	(312,932)
- oibríochtúil		-	90,344	36,595	80,078	207,017	183,207
- infrastruchtúr <i>(nóta 9)</i>		-	201,921	-	-	201,921	184,136
Ranníocaíocht ó mháthairchuideachta	(5,000)		5,000	-	-	-	-
(Easnamh)/barrachas don bhliain roimh eisceachtaí							
Costais oibríochta eisceachtúla <i>(nóta 6)</i>	(7,200)	10,719	28,128	10,909	5,212	47,768	54,411
		(410)	(14,720)	(4,006)	(388)	(19,524)	(32,422)
Glan-(easnamh)/barrachas don bhliain	(7,200)	10,309	13,408	6,903	4,824	28,244	21,989

2. COSTAIS INFRASTRUCHTÚR IARNRÓID

	2007 €000	2006 €000
Ríomhadh na costais seo ag comhlíonadh Treoir Chomhairle AE 91/440 mar seo a leanas:		
Línte agus oibreacha iarnróid a chothabháil	74,099	70,763
Línte agus oibreacha iarnróid a athnuachan	88,775	68,662
Speansais oibríochta (comharthaíocht) agus speansais eile	26,289	28,060
Dímhéas <i>(nóta 11[f])</i>	19,946	17,793
Deontais chaptil a amúchadh	(11,680)	(10,700)
Costais infrastruchtúr iarnróid iomlána	197,429	174,578
Fóirdheontas infrastruchtúir	(109,203)	(111,584)
Maoiniú sábháilteachta státchiste	(3,943)	(3,890)
Maoiniú athnuachana <i>(nóta 11[a])</i>	(88,775)	(68,662)
	(201,921)	(184,136)
Easnamh don bhliain	(4,492)	(9,558)
Cionroinnt costais:		
Rannán iarnróid an phríomhlíne	158,141	148,915
Rannán iarnróid bruachbhailte	39,288	25,663
	197,429	174,578

3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

	2007 €000	2006 €000
Costais foirne		
Pá agus tuarastail	545,563	516,745
Costais leasa shóisialaigh	46,583	44,098
Costais phinsin eile	53,005	47,797
	645,151	608,640
Obair chaipitlithe na cuideachta féin	(57,295)	(51,440)
Glan-chostais foirne	587,856	557,200
Luach saothair na gcomhaltaí Boird agus díolachtaí		
- do sheirbhísí mar chomhaltaí Boird	200	210
- do sheirbhísí eile	457	447
Luach saothair agus díolaíochtaí na gcomhaltaí Boird	657	657
Párolla agus costais ghaolmhara iomlána	588,513	557,857

Áirítear i luach saothair na gcomhaltaí Boird €264,990 (2006 - €262,707) a íocadh leis an Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach Feidhmiúcháin, agus €229,990 (2006 - €227,707) do na seirbhísí eile móide €35,000 (2006 - €35,000) do tháillí na gcomhaltaí Boird.

	An Líon Foirne	
	2007	2006
Seo a leanas an meán líon daoine atá fostaithe ag an gcuideachta:		
CIÉ	282	290
Iarnród Éireann	4,985	5,317
Bus Éireann	2,784	2,756
Bus Átha Cliath	3,650	3,453
	11,701	11,816

4. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

	2007 €000	2006 €000
Áirítear sna ábhair agus sna seirbhísí:		
Luach saothar na nIníúcháirí	210	205
Cíosanna léasa oibríochta	5,292	5,682
Deontais ioncaim <i>(nóta 19)</i>	(4,140)	(8,239)

5. DÍMHEAS

	2007 €000	2006 €000
Dímheas (nóta 11)	146,182	118,452
Deontais chapitil a amúchadh (nóta 19)	(86,552)	(68,874)
	59,630	49,578

6. COSTAIS OIBRÍOCHTA EISCEACHTÚLA

	2007 €000	2006 €000
